# Teimpléad Samplach le haghaidh Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

Is tugtha thíos atá sampla de conas is féidir an próiseas measúnaithe tionchair ar chosaint sonraí agus an toradh atá air a thaifeadadh. Cloíonn sé leis an bpróiseas atá leagtha amach sa treoir uainn maidir le measúnú tionchair ar chosaint sonraí. Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis an treoir sin.

Tosaigh ag comhlánú an teimpléid i dtús aon mhórthionscadail a bhfuil úsáid sonraí pearsanta i gceist leis nó lena ndéanfar athruithe móra ar phróisis atá ann cheana. Ba cheart an toradh iarmhartach a chur san áireamh i do phlean tionscadail.

Tá an teimpléad seo le húsáid **mar threoir amháin**, agus is ar an Rialaitheoir Sonraí atá an oibleagáid tuilleadh mionsonraí a thabhairt faoi réimsí, nó réimsí breise a shainaithint, ar bhonn tionscadal ar thionscadal.

| Céim 1: Sainaithin an gá atá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí |
|---|
| Tabhair míniú leathan ar na haidhmeanna atá leis an tionscadal agus ar an gcineál próiseála atá i gceist leis. D’fhéadfadh gurbh fhiú tagairt a dhéanamh do dhoiciméid eile nó nasc a sholáthar chucu (e.g., togra tionscadail). Leag amach go hachomair cén fáth ar chreid tú go bhfuil gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí. |
| |



**An Coimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.**
Data Protection Commission, 21 Fitzwilliam Square, Dublin 2.
www.cosantasonrai.ie | www.dataprotection.ie | dpo@cosantasonrai.ie | dpo@dataprotection.ie Teil.: +353 (0)1 7650100

| Céim 2: Déan cur síos ar an bpróiseáil |
| --- |
| **Leag amach an cineál próiseála atá i gceist:** cé na modhanna a úsáidfear le haghaidh na sonraí a bhailiú, a úsáid, a stóráil agus a scriosadh? Conas a fhoinseofar na sonraí? An gcomhroinnfear na sonraí le haon duine? D'fhéadfadh gurbh fhiú sreabhléaráid nó bealach éigin eile a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar shreafaí sonraí. Ar sainaithníodh aon cheann de na cineálacha próiseála mar chinn a bhfuil ardriosca ag baint leo? |
| |
| **Déan cur síos ar raon feidhme na próiseála:** cén cineál sonraí atá i gceist, agus an bhfuil aon sonraí catagóire speisialta ar áireamh iontu? Cá mhéad sonra a bheidh tú ag bailiú agus ag úsáid? Cé chomh minic agus a bheidh tú ag bailiú agus ag úsáid na sonraí? Cá fhad a choinneofar na sonraí? Cá mhéad duine aonair óna bhfuil tú ag bailiú sonraí? Cén réimse atá i gceist? |
| |



**An Coimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.**
Data Protection Commission, 21 Fitzwilliam Square, Dublin 2.
www.cosantasonrai.ie | www.dataprotection.ie | dpo@cosantasonrai.ie | dpo@dataprotection.ie Teil.: +353 (0)1 7650100

| |
|---|
| **Déan cur síos ar chomhthéacs na próiseála**: déan cur síos ar an gcaidreamh atá agat leis na hábhair sonraí. Cén leibhéal rialaithe a bheidh ag daoine aonair? An eol dóibh go n-úsáidfear a sonraí ar an mbealach seo? An bhfuil leanaí nó grúpaí soghonta eile i gceist leis an bpróiseáil? An ann d'aon ábhair imní atá ann cheana? An bhfuil an phróiseáil uathúil ar aon bhealach? Cén stádas atá ag an teicneolaíocht laistigh den réimse? Ar cheart duit breithniú a dhéanamh ar aon ábhair imní atá ag an bpobal faoi láthair? An bhfuil tú mar chuid d'aon chód ceadaithe iompair nó d'aon scéimeanna ceadaithe deimhniúcháin? |
| |
| **Déan cur síos ar chríocha na próiseála**: cad ba mhaith leat a bhaint amach? Cén éifeacht a bheidh ag an bpróiseáil ar dhaoine aonair? Cé na tairbhí a eascróidh as an bpróiseáil, duit féin agus i gcoitinne araon? |
| |



**An Coimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.**
Data Protection Commission, 21 Fitzwilliam Square, Dublin 2.
www.cosantasonrai.ie | www.dataprotection.ie | dpo@cosantasonrai.ie | dpo@dataprotection.ie Teil.: +353 (0)1 7650100

| Céim 3: Próiseas comhairliúcháin |
| --- |
| **Déan breithniú ar conas a rachaidh tú i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha:** mionsonraigh conas agus cén uair a lorgóidh tú tuairimí daoine aonair, nó mínigh cén fáth nach mbeadh sé cuí déanamh amhlaidh. Cé na daoine laistigh de d'eagraíocht ar gá ról a thabhairt dóibh? An gá duit iarraidh ar do phróiseálaí cabhrú leat? An bhfuil sé beartaithe agat dul i gcomhairle le saineolaithe slándála faisnéise nó le haon saineolaithe teicniúla eile? |
| |



**An Coimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.**
Data Protection Commission, 21 Fitzwilliam Square, Dublin 2.
www.cosantasonrai.ie | www.dataprotection.ie | dpo@cosantasonrai.ie | dpo@dataprotection.ie Teil.: +353 (0)1 7650100

| Céim 4: Measúnaigh riachtanas agus comhréireacht |
| --- |
| **Déan cur síos ar bhearta comhlíonta agus comhréireachta, go háirithe:** An bhfuil bunús dleathach ann don phróiseáil? An mbaineann an phróiseáil do chríoch amach i ndáiríre? An bhfuil aon bhealach eile ann chun an toradh céanna a bhaint amach? An féidir leathnú feidhme a chosc? Conas a chinnteofar cáilíocht sonraí agus íoslaghdú sonraí? Cén fhaisnéis a chuirfear ar fáil do dhaoine aonair? Conas a chosnóidh tú na cearta atá acu? Conas a áirithíonn tú comhlíonadh próiseálaithe? Conas a chosnóidh tú aon aistrithe idirnáisiúnta? |
| |



**An Coimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.**
Data Protection Commission, 21 Fitzwilliam Square, Dublin 2.
www.cosantasonrai.ie | www.dataprotection.ie | dpo@cosantasonrai.ie | dpo@dataprotection.ie Teil.: +353 (0)1 7650100

## Céim 5: Sainaithin agus measúnaigh rioscaí

| **Déan cur síos ar fhoinse an riosca agus ar chineál an tionchair fhéideartha ar dhaoine aonair:** luaigh freisin aon rioscaí gaolmhara comhlíonta agus corparáideacha, nuair is cuí. | **An seans go ndéanfar dochar** | **Déine an dochair** | **Riosca foriomlán** |
|---|---|---|---|
| | Seans beag, seans measartha nó seans maith | Dochar íosta, dochar suntasach nó dochar trom | Ísealriosca, meánriosca nó ardriosca |



**An Coimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.**
Data Protection Commission, 21 Fitzwilliam Square, Dublin 2.
www.cosantasonrai.ie | www.dataprotection.ie | dpo@cosantasonrai.ie | dpo@dataprotection.ie Teil.: +353 (0)1 7650100

## Céim 6: Sainaithin bearta chun rioscaí a laghdú

**Sainaithin bearta breise a d'fhéadfá a dhéanamh chun rioscaí atá sainaitheanta mar mheánrioscaí nó mar ardrioscaí i gCéim 5 a laghdú nó a dhíothú**

| Riosca | Roghanna chun an riosca a laghdú nó a dhíothú: mínigh conas a laghdóidh na bearta seo an riosca sonrach atá sainaitheanta agat | Éifeacht ar an riosca | Riosca iarmharach | Ar ceadaíodh an beart? |
|---|---|---|---|---|
| | | Díothaíodh an riosca, laghdaíodh an riosca, nó glacadh leis an riosca | Ísealriosca, meánriosca nó ardriosca | Ceadaíodh/níor ceadaíodh |



**An Coimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.**
Data Protection Commission, 21 Fitzwilliam Square, Dublin 2.
www.cosantasonrai.ie | www.dataprotection.ie | dpo@cosantasonrai.ie | dpo@dataprotection.ie Teil.: +353 (0)1 7650100

| Céim 7: Taifead na torthaí agus cuir ainm leo | | |
|---|---|---|
| **Mír** | **Ainm/dáta** | **Nótaí** |
| An duine a cheadaigh na bearta: | | Comhtháthaigh na gníomhartha ar ais isteach sa phlean tionscadail, agus dáta lena gcur i gcrích agus freagracht as a gcur i gcrích á lua |
| An duine a cheadaigh na rioscaí iarmharacha: | | Má tá tú ag glacadh le haon ardriosca iarmharach, téigh i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí sula rachaidh tú ar aghaidh |
| An duine a fuair comhairle ón oifigeach cosanta sonraí: | | Ba cheart don oifigeach cosanta sonraí comhairle a thabhairt ar chomhlíonadh agus ar cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar dul ar aghaidh leis an bpróiseáil |
| Achoimre ar an gcomhairle ón oifigeach cosanta sonraí: | | |
| Ar glacadh leis an gcomhairle ón oifigeach cosanta sonraí: | | Murar glacadh léi, ní mór duit na cúiseanna leis sin a mhíniú |
| Barúlacha | | |
| An duine a rinne athbhreithniú ar na freagraí comhairliúcháin: | | Mura bhfuil do chinneadh ag teacht le tuairimí daoine aonair, ní mór duit na cúiseanna leis sin a mhíniú |

| Barúlacha: | | |
|---|---|---|
| Coinneoidh an duine seo a leanas an measúnú tionchair ar chosaint sonraí seo faoi athbhreithniú: | | Ba cheart don oifigeach cosanta sonraí freisin athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach an mheasúnaithe tionchair ar chosaint sonraí |



**An Coimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.**
Data Protection Commission, 21 Fitzwilliam Square, Dublin 2.
www.cosantasonrai.ie | www.dataprotection.ie | dpo@cosantasonrai.ie | dpo@dataprotection.ie Teil.: +353 (0)1 7650100